

CycleConnects: Gréasán Rothaíochta na hÉireann

Tuarascáil Achomair

Údarás Náisiúnta Iompair

Uimhir thionscadail: 60615775

Meán Fómhair 2022

Faisnéis cháilíochta

Arna hullmhú ag

Rachel Farrell
Innealtóir Iarchéime

Arna seiceáil ag

Hugh McCarthy
Sainchomhairleoir
Sinsearach

Arna fíorú ag

Eoin O'Mahony
Stiúrthóir Réigiúnach

Arna ceadú ag

Colin Acton
Stiúrthóir Réigiúnach

Stair Leasaithe

Leasú	Dáta leasaithe	Mionsonraí	Údaraithe	Ainm	Post

Liosta Seachadta

# Cruachóipeanna	PDF ag Teastáil	Ainm an Chumainn/na Cuideachta

Arna hullmhú do:

National Transport Authority

Arna hullmhú ag:

AECOM Ireland Limited
An 4ú hUrlár
Plás Adelphi
Sráid Sheoirse Uachtarach
Dún Laoghaire
Co. Bhaile Átha Cliath A96 T927
Éire

T: +353 1 238 3100
aecom.com

© 2022 AECOM Ireland Limited. Gach Ceart ar Cosaint.

D'ullmhaigh AECOM Ireland Limited ("AECOM") an doiciméad seo lena úsáid ag ár gcliant (an "Cliant") agus aige sin amháin, ar aon dul leis na prionsabail sainchomhairleoireachta a bhfuil glacadh leo agus leis an mbuiséad le haghaidh táillí agus leis na téarmaí tagartha a comhaontaíodh idir AECOM agus an Cliant. Maidir le haon fhaisnéis ar sholáthair tríú páirtithe í agus dá dtagraítear anseo, ní dhearna AECOM í a sheiceáil ná a fhíorú, ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt go sainráite sa doiciméad. Ní fhéadfaidh aon tríú páirtí brath ar an doiciméad seo gan comhaontú sainráite a fháil roimh ré ó AECOM.

Clár Ábhar

1.	Achoimre Fheidhmeach.....	5
2.	Réamhrá	7
3.	An Mhodheolaíocht um Bealaí a Fhorbairt.....	9
4.	Teagmháil le hÚdaráis Áitiúla	14
5.	Na Gréasáin Rothaíochta Chontae atá Beartaithe.....	15
6.	Na Chéad Chéimeanna Eile	19

1. Achoimre Fheidhmeach

Leagtar amach sa tuarascáil seo an plean do CycleConnects ar fhorbair AECOM é thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair. Leagtar amach sa phlean seo na bearta a rinneadh le linn an Plean Náisiúnta seo a fhorbairt, rud a chuimsíonn 22 ghréasán rothaíochta aonair i ngach contae faoi seach. Is féidir nótaí agus léarscáileanna teicniúla aonair do na contaetha ar leith a fháil ar leathanach Gréasáin comhairliúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair. Ní fhorordaítear sa phlean aon bhonneagar rothaíochta do na bealaí atá curtha i láthair, agus is é is príomhaidhm dó na naisc rothaíochta fhéideartha idir gach mórbhaile agus mórchathair lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a léiriú.

Tá a lán tairbhí ag baint le forbairt a dhéanamh ar ghréasán rothaíochta cuimsitheach a fhreastalóidh ar phobail tuaithe agus ar phobail uirbeacha araon lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Áirítear leo sin tairbhí sláinte fisiciúla, spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise, agus tionchair mhaolaitheacha ar an aeráid. Ina theannta sin, tá tairbhí sóisialta agus geilleagracha ag baint leis an rothaíocht agus feabhas ar an mbonneagar rothaíochta a chur chun cinn.

Rinneadh athbhreithniú beartais ar threoirchoiciméid agus ar bheartais le linn CycleConnects a fhorbairt freisin. Áirítear leo sin tuarascálacha agus treoirlínte ó chomhlachtaí rialtais amhail an Roinn Iompair, Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Rinneadh athbhreithniú freisin ar bheartais agus treoirlínte taistil inbhuanaithe ar fhoilsigh Tuaisceart Éireann agus an tAontas Eorpach iad. Ní eile a cuireadh ar áireamh san athbhreithniú beartais sin ba ea an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta ón Údarás Náisiúnta Iompair. Tá an doiciméad sin á nuashonrú faoi láthair, agus cuirfear béim mhéadaithe ar an rothaíocht tuaithe ann nuair a bheidh sé foilsithe. Cuireadh an Gréasán Rothaíochta Náisiúnta ar fhorbair Bonneagar Iompair Éireann é ar áireamh san athbhreithniú freisin. Rinneadh amhlaidh chun a chinntiú go mbeadh an dá ghréasán rothaíochta ailínithe lena chéile.

Rinneadh athbhreithniú ar na gréasáin rothaíochta atá ar bun i dtíortha eile freisin. D'fhág sé sin go rabhthas in ann tosca amhail aicmiúcháin bealaí, cineálacha bonneagair agus na cineálacha bealaí a roghnaíodh a chur i gcomparáid lena chéile agus a mheasúnú. Léiríodh san athbhreithniú go mbíonn na bealaí is sábháilte, seachas na bealaí is díri, ar na bealaí a roghnaítear do na gréasáin mhórsála sin de ghnáth. Léiríodh san athbhreithniú freisin a thábhachtaí atá comharthaíocht agus aimsiú bealaigh do rothaithe. Ba é príomhchuspóir an athbhreithniúcháin ná modheolaíocht theicniúil a fhorbairt atá bunaithe ar na gréasáin rothaíochta ar ardchaighdeán a forbraíodh i dtíortha amhail an Ísiltír agus an Danmhairg, ar modheolaíocht í is féidir a úsáid chun gréasán rothaíochta coibhéseach a fhorbairt agus a sholáthar in Éirinn.

Leagadh modheolaíocht um ghréasáin a fhorbairt amach chun cabhrú le bealaí a roghnú, go háirithe i limistéir thuaithe. Bonn eolais faoin obair sin ba ea sonraí a bhailiú lena n-imreofaí tionchar ar na cinní ródúcháin. Áiríodh leis na sonraí sin láithreacha scoileanna, láithreacha limistéar fostaíochta, sonraí lonnaithe ón bPríomh-Oifig Staidrimh, agus láithreacha saoráidí spóirt agus ospidéal. Iarradh faisnéis ó údaráis áitiúla freisin maidir leis na tionscadail rothaíochta atá ann cheana agus atá beartaithe araon sna contaetha éagsúla. Úsáideadh an fhaisnéis sin chun cabhrú leis na bealaí a roghnú do ghréasán rothaíochta CycleConnects. Agus CycleConnects á fhorbairt, tugadh tús áite do shábháilteacht rothaithe i ngach cás.

Tá Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí á ndéanamh do CycleConnects freisin. Seoladh an obair sin ar an tuiscint go ndéanfaí measúnacht timpeallachta atá níos mionsonraithe agus atá sonrath don tionscadal tráth níos déanaí do gach bealach i ngach contae a luaithe a bheadh an bonneagar agus an ródú sonrath tugtha chun críche i ngach láthair.

Cuimsíonn an plean gréasáin atá beartaithe bealaí idiruirbeacha a nascann lonnaithe ina bhfuil níos mó ná 1000 duine lena chéile. Cuireadh glasbhealaí/gormbhealaí atá ann cheana

agus atá beartaithe araon ar áireamh sa ghréasán freisin. Rinneadh gach baile ar mó a ndaonra ná 5000 duine, de réir Dhaonáireamh 2016, a fhorbairt tuilleadh trí ghréasán rothaíochta uirbeach níos dlúithe a chruthú iontu chun freastal ar éileamh méadaithe ar an rothaíocht. Chuimsigh na gréasáin uirbeacha sin bealaí príomhúla agus bealaí tánaisteacha. Cuimsíonn an plean gréasáin seo 22 ghréasán contae agus 57 ngréasán uirbeacha, a nascfaidh isteach sna gréasáin rothaíochta atá ann cheana i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus i dTuaisceart Éireann chun gréasán rothaíochta cuimsitheach a chruthú d'Éirinn.

2. Réamhrá

Agus é ina chuid d'Oifig Deartha Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair, d'iarr an tÚdarás ar AECOM Plean Gréasáin Rothaíochta Náisiúnta ina bhfuil 22 ghréasán a fhorbairt don 22 chontae lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Is é is aidhm do ghréasán rothaíochta CycleConnects gréasán rothaíochta cuimsitheach a chruthú do gach cineál rothaí ar fud na hÉireann agus cur leis an ngréasán rothaíochta atá beartaithe do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Cuimseoidh sciar suntasach de CycleConnects naisc rothaíochta a bheidh lonnaithe lasmuigh de limistéir uirbeacha agus, i gcásanna áirithe, laistigh de láithreacha tuaithe cianda. Forbraíodh modheolaíocht shonrach chun gur féidir na naisc idiruirbeacha sin a ródú ar shlí chomhsheasmhach. Ina theannta sin, beidh sé mar aidhm le cuid mhór de na naisc sin rotharbhealaí atá ann cheana, amhail glasbhealaí, a úsáid chun gréasán rothaíochta cuimsitheach a sholáthar do gach contae.

Ní dhéanfar sa phlean gréasáin seo aon bhonneagar rothaíochta a shonrú ná a fhorordú do na bealaí atá curtha i láthair. Is é aidhm an phlean seo ná gréasán bealaí a sholáthar do chodanna tuaithe agus do chodanna uirbeacha araon in Éirinn atá lonnaithe lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh athbhreithniú ar na caighdeáin/beartais um dheardh rothaíochta atá ann cheana le haghaidh gréasáin rothaíochta a fhorbairt in Éirinn agus thar lear. Chabhraigh sé sin le bonn eolais a chur faoi mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm ansin do nascbhealaí roghnaithe sonracha idiruirbeacha feadh ghréasán rothaíochta CycleConnects. Tá an t-athbhreithniú sin ar fáil mar fhaisnéis chúlra ar leathanach Gréasáin Comhairliúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair.

An comhthéacs don phlean

Tá ceangaltais ar an Rialtas, ar an Roinn Iompair, ar an Údarás Náisiúnta Iompair agus ar Ghníomhaireachtaí eile Stáit leibhéil níos airde iompair inbhuanaithe a éascú agus a chur chun cinn. Dá bhrí sin, cuirtear de chúram orthu sciartha modha an taistil ghníomhaigh a mhéadú, tacú le rothaithe nua agus leo sin atá ag aistriú ó mhodhanna neamh-inbhuanaithe eile, agus feabhas a chur ar dhálaí do rothaithe atá ann cheana.

Tá na beartais reatha leagtha amach i ndoiciméid éagsúla agus cuirtear síos iontu ar a thábhachtaí atá an inbhuanaitheacht san iompar. Leis an mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, tugtar deis dúinn roghanna taistil a athrú trí chabhrú le daoine leas a bhaint as modhanna iompair inbhuanaithe. Is é atá i gceist le Soghluaisteacht Inbhuanaithe daoine agus áiteanna a nascadh ar shlí inbhuanaithe trí thurais atá sábháilte, inrochtana, compordach agus ar fáil ar phraghas réasúnach a sholáthar chuig an mbaile, chuig an obair, chuig an oideachas, chuig siopaí agus chuig saoráidí fóillíochta agus uathu ar fad araon. Is é atá i gceist léi freisin tacú leis an taisteal d'iompar poiblí níos glaine agus aistriú a spreagadh ó úsáid an chairr phríobháidigh agus i dtreo an taistil ghníomhaigh agus an iompair phoiblí. Tá sé mar aidhm leis an mBeartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe tacú leis an aistriú modha sin idir seo agus an bhliain 2030, trí fheabhsuithe a chur ar bhonneagar agus ar sheirbhísí agus trí bhearta bainistíochta éilimh agus bearta athrú iompraíochta a chur i gcrích.

Tá an tionscnamh uileghabhálach de chuid an Chreatbheartais Rothaíochta Náisiúnta – is é sin, Todhchaí Iompair Inbhuanaithe – le nuashonrú go luath, agus táthar ag súil leis go leanfar le díriú lárnach a chur ar an rothaíocht a éascú. Chun a chinntiú go spriocdhíreofaí an infheistíocht ar shlí éifeachtúil agus go soláthrófaí gréasán comhleanúnach ar fud an 22 chontae lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, chuathas i dteagmháil le gach comhairle contae. Is é an toradh a bheidh ar an ngréasán rothaíochta straitéiseach a fhorbrófar mar chuid den phlean seo ná go dtacófar leis an rothaíocht mar mhodh agus go

soláthrófar creat le haghaidh cistiú a leithreasú chuig scéimeanna réigiúnacha a bhfuil tábhacht straitéiseach leo. Dá bhrí sin, tá ríthábhacht ag baint le CycleConnects maidir le tacú leis na gréasáin rothaíochta in Éirinn a chur ar aghaidh.


Tá an tuarascáil struchtúrtha mar a leanas:

Struchtúr na Tuarascála

1. Modheolaíocht Bealaí
2. Teagmháil le hÚdaráis Áitiúla
3. An Gréasán Rothaíochta Contae atá Beartaithe
4. Na Chéad Chéimeanna Eile

3. An Mhodheolaíocht um Bealaí a Fhorbairt

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus na gréasáin rothaíochta ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, forbraíodh an mhodheolaíocht seo a leanas mar chuid den obair chun CycleConnects in Éirinn a fhorbairt. Beidh sé mar phríomhchuspóir leis an modheolaíocht sin a chinntiú go mbeidh gach pobal ábhartha nasctha lena chéile i ngach contae atá ina chuid den Phlean Náisiúnta Foriomlán.



Fíor 3.1: An mhodheolaíocht um bealaí idiruirbeacha a roghnú

Céim 1: Lárionaid Daonra


Sainithníodh lárionaid daonra agus lonnaíochtaí uirbeacha, mar atá sainithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, do gach contae. Fágann sé sin go mbeifear in ann nascphointí tosaigh idir gach mórbhaile a shuí agus mianlínte rothaíochta féideartha a shainithint. Chun na láithreacha sin a chatagóiriú ar shlí níos fearr, briseadh na limistéir dhaonra síos sna tráinsí seo a leanas.

- Mórchathracha agus mórbhailte (5,000+ áitritheoir)
- Bailte (1000 áitritheoir go 4,999 n-áitritheoir)
- Sráidbhailte suntasacha (500 áitritheoir go 999 n-áitritheoir)

Ba é an toradh a bhí ar an obair sin ná gur sainithníodh 57 gcinn de bhailte agus de chathracha ina bhfuil 5,000 áitritheoir ar a laghad lasmuigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Sainithníodh 150 baile ar a laghad ina bhfuil 1,000 áitritheoir ar a laghad freisin. Tugadh tús áite do naisc idir bailte agus cathracha ina bhfuil 1,000 áitritheoir ar a laghad. D'fhág sé sin go mbeifí in ann gréasán nasc atá sách dlúth a bhunú i ngach contae mar chuid den Ghréasán Rothaíochta Contae a fhorbairt.

Céim 2: Naisc a Roghnú

Tar éis na bonndaonraí i ngach contae a shuí, roghnaíodh an bealach idir gach baile. Ar na bealaí a roghnaíodh lasmuigh de limistéir uirbeacha, tá bóithre ar a bhfuil luasteorainneacha os cionn 60 ciliméadar in aghaidh na huairé agus ar ar dóigh go meascfaidh rothaithe le trácht feithiclí. Mar sin, féachadh le tús áite a thabhairt do shábháilteacht nuair a bhí naisc idiruirbeacha á roghnú ar na bealaí sin. Bunaithe ar thaighde a rinneadh roimhe sin, ullmhaíodh ordlathas um naisc a roghnú. San ordlathas sin, tugadh tús áite do shábháilteacht agus an nasc roghnaithe á roghnú. Úsáideadh critéir maidir le dírí, nascacht agus inrochtaineacht ansin chun ródú sonracha na naisc idiruirbeach a bheachtú. Tugtar i bhFíor 3.2 thíos breac-chuntas ar an ordlathas um naisc a roghnú, agus míniú tugtha ina dhiaidh sin ar na ceithre chritéar.




Fíor 3.2: Ordathas na dtosca um dhearadh bealaí

Sábháilteacht: I gcás go mbeidh níos mó ná bealach amháin ar fáil idir dhá láthair nó níos mó, is é an bealach is sábháilte, nó an bealach a d'fhéadfaí a fhorbairt ina rotharbhealach sábháilte, a mheasfar a bheith ina bhealach roghnaithe tosaigh. Ba é a bhí i gceist leis sin i bhformhór na gcásanna ná seachaint a dhéanamh ar bhóithre a bhfuil ardluasanna orthu, ar bhóithre a bhfuil droch-infheictheacht ar aghaidh orthu agus ar bhóithre nach dóigh go n-uasghrádófaí sa todhchaí iad. Saincheisteanna eile sábháilteachta a bheidh le breithniú is ea dóthain infheictheachta ar aghaidh a chinntiú ar na bealaí chun go mbeifear in ann rothaithe a fheiceáil i gcónaí agus achar cuí stad a chinntiú d'fheithiclí. Mar sin, seachnófar bóithre a bhfuil lúba iomarcacha orthu a mhéid is féidir. Beidh sábháilteacht phearsanta gach rothaí i measc na saincheisteanna eile sábháilteachta. Mar shampla, bealaí a sholáthar i limistéir inar féidir faireachas nádúrtha a dhéanamh agus soilsíú poiblí a sholáthar.

Dírí: Beidh na bealaí roghnaithe idir cinn scríbe chomh díreach agus is féidir. Mar sin féin, i gcás go mbeidh bealach níos sábháilte beagáinín níos faide agus go leanfaidh sé bealach measartha díreach idir cinn scríbe, beidh an bealach díreach ar an dara toisc a bhreithneofar.

Nascacht: Nuair is féidir, beidh sé mar aidhm leis an mbealach idiruirbeach an oiread pobal, lonnaíochtaí agus seirbhísí agus is féidir a nascadh lena chéile. Áireofar leis sin gach sráidbhaile beag, gach scoil, gach club spóirt agus aon nithe ar leith is díol spéise do thurasóirí.

Inrochtaineacht: Áireofar leis seo grádáin iomarcacha a sheachaint, nuair is féidir. Is féidir go mbeidh roinnt codanna ann nach mbeifear in ann grádán iomarcach a sheachaint orthu agus ar a mbeidh sé riachtanach oibreacha breise bonneagair a dhéanamh amach anseo. Úsáideadh léarscáiliú Google chun a sheiceáil go neamhfhoirmiúil cé acu atá nó nach bhfuil grádán iomarcach ann ar bhealaí áirithe agus cé acu atá nó nach bhfuil bealaí níos comhréidhe ar fáil in aice láimhe. Tugtar sampla de sin i bhFíor 3.3 thíos, áit a bhfuil bealach atá níos comhréidhe ach atá beagáinín níos faide ar fáil.



Fíor 3.3: Sampla de bhealach atá níos comhréidhe ach atá beagáinín níos faide a roghnú (© Google 2022)

Céim 3: Comhleanúnachas Nasc, agus Naisc a Aicmiú

Tar éis an nasc sonrach idiruirbeach a roghnú, tabharfar aicmiúchán dó. Leagtar amach i dTábla 3.1 thíos na ceithre aicmiúchán rotharbhealaí a breithníodh do ghréasán rothaíochta CycleConnects. Beidh bealaí Príomhúla agus Tánaisteacha Uirbeacha teoranta do mhórlimistéir uirbeacha ar mó a ndaonra ná 5,000 duine. Is iad naisc idiruirbeacha a bheidh i bhformhór na gcineálacha bealaí lasmuigh de na limistéir uirbeacha sin. Is mar nasc idiruirbeach freisin a aicmeofar aon naisc fhriothálacha a úsáidfear chun nascadh le naisc idiruirbeacha phríomhlíne. Déanfar aon ghlásbhealaí/gormbhealaí atá ann cheana nó atá beartaithe a bhreithniú freisin nuair a bheidh na naisc idiruirbeacha á bhforbairt, i gcás go mbeidh siad nasctha mar chuid de ghréasán comhleanúnach. Tá sé sin ag teacht leis na haicmiúcháin atá i nGréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

Tábla 3.1: Aicmiúcháin Bealaí sa Ghréasán Rothaíochta Contae

Ainm	Feidhm
Príomhúil Uirbeach	Is ionann é seo agus rotharbhealach ar ardchaighdeán ar féidir leis freastal ar an ardlíon rothaithe a fheictear de ghnáth i bhformhór na limistéar uirbeach. Féachfar le bealaí den sórt seo a shuí ar mhór-mhianlínte i lár bailte. Beidh siad ina rotharbhealaí sainiúla gathacha agus ina gcuar-rotharbhealaí sainiúla sna mórbhailte agus sna mórchathracha. Ba cheart do na bealaí príomhúla seo a bheith ina gcuid de ghréasán comhtháite nasctha atá lonnaithe laistigh de limistéar uirbeach agus atá so-úsáidte ag gach cineál rothaí freisin.
Tánaisteach Uirbeach	Is ionann é seo agus rotharbhealach den dara ciseal atá lonnaithe i mórlimistéir uirbeacha agus atá ceaptha chun nascadh leis an ngréasán príomhúil uirbeach ar mhaithe le tuilleadh dlúis bealaigh agus tuilleadh roghanna bealaigh a chur leis an ngréasán. I bhformhór na gcásanna, is trí limistéir chónaithe agus trí limistéir scoile agus fostaíochta a rachaidh bealaí den sórt seo
Idiruirbeach	Is ionann é seo agus rotharbhealach ar an mbóthar atá ceaptha chun gach príomhlonnaíocht agus gach príomhcheann scríbe lasmuigh de limistéir uirbeacha a nascadh. D'fhéadfaí bealaí den sórt seo a úsáid chun bealaí easbhóthair/leithscartha a sholáthar tráth níos déanaí i gcomhthreo leis an mbóthar atá ann cheana.
Glasbhealach	Is ionann é seo agus rotharbhealach easbhóthair nach bhfuil aon trácht cóngarach aige den chuid is mó. I bhformhór na gcásanna, tá bealaí den sórt seo lonnaithe ar sheanbhóithre iarainn nó ar ghormbhealaí (bealaí atá lonnaithe feadh aibhneacha, lochanna agus canálacha), áit a gcomhroinneann rothaithe an bealach le coisithe.

Gréasán Córais Faisnéise Geografaí

Sular forbraíodh na Gréasáin Rothaíochta do gach contae, bunaíodh samhail córais faisnéise geografaí (GIS) don chontae. Áiríodh leis an tsamhail sin an fhaisnéis a bhí ar fáil cheana don chontae. Fuarthas an fhaisnéis sin ó chomhlachtaí éagsúla, amhail an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Roinn Iompair, an Roinn Oideachais agus Comhairlí Contae éagsúla. Áirítear iad seo a leanas leis na sonraí a bailíodh:

- Láithreacha mórdhlúis fostaíochta agus post
- An bonneagar rothaíochta agus na rotharbhealaí atá ann cheana
- Na stadanna bus, na línte iarnróid agus na modhanna eile iompair phoiblí atá ann cheana
- Láithreacha mion-imbhuailtí, imbhuailtí tromchúiseacha agus imbhuailtí marfacha ar bhóithre
- Ionaid siopadóireachta, ospidéal agus cinn scríbe eile a d'fhéadfadh rothaithe a mhealladh

Trí na sonraí sin a bhailiú, cabhraíodh le bealaí a roghnú agus cumasaíodh dúinn freastal ar an oiread daoine agus is féidir trí na rotharbhealaí atá beartaithe. Cumasaíodh dúinn freastal ar phríomhchinn scríbe freisin. De réir mar a forbraíodh an gréasán i ngach contae, comhcheanglaíodh na léarscáileanna GIS sin ansin chun léarscáil mhór náisiúnta GIS amháin a chruthú, rud ar a léirítear na rotharbhealaí uile a nascann na contaetha uile le chéile.

4. Teagmháil le hÚdaráis Áitiúla

Ós rud é gur mó gréasán rothaíochta CycleConnects ná Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus go bhfuil 22 údarás áitiúla ann, bhí sé tábhachtach dul i gcomhairle leis na húdaráis sin chun ailíniú a chinntiú le beartais áitiúla. Ós rud é gur staidéar deascbhunaithe é seo, bhí sé tábhachtach freisin eolas áitiúil a ghnóthú ó na Comhairlí Contae maidir leis an riocht atá ar an mbonneagar áitiúil.

Áiríodh leis sin dréachtpheananna CycleConnects a chomhroinnt le gach contae lena n-athbhreithniú acu. Comhroinneadh léarscáil idirghníomhach GIS leis na hÚdaráis Áitiúla chun go bhféadfaí ionchur a fháil uathu maidir leis an dearadh ar na gréasáin rothaíochta. Tá sé sin cosúil lena ndearnadh le linn gréasán rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath a fhorbairt.

Ceardlanna i gcomhar le Comhairlí Contae

Seoladh ceardlanna i gcomhar leis na húdaráis áitiúla i ngach ceann den 22 chontae idir mí an Mhárta agus mí Iúil 2022. D'fhreastail ionadaithe ón Údarás Náisiúnta Iompair ar na ceardlanna sin freisin. Cuireadh na ceardlanna uile ar siúl go cianda thar Microsoft Teams, rud a chumasaigh do roinnt daoine ó roinnt láithreacha difriúla freastal orthu.

Pléadh na gréasáin chontae agus na gréasáin uirbeacha araon le linn na gceardlann. Díríodh aird ar aon tograí le haghaidh na bealaí a leasú nó le haghaidh bealaí breise a chur leo, agus athbhreithníodh na pleananna ina dhiaidh sin. Nuair ba ghá, seoladh ceardlanna breise chun limistéir uirbeacha nó codanna ar leith den tír a phlé ar shlí níos mine.

Tugadh faoi deara le linn na gceardlann go mbeadh roinnt limistéar uirbeach faoi réir Measúnacht Iompair Limistéarbhunaithe ar ball beag. Mar sin, tugadh faoi deara gur ghá go mbeadh CycleConnects agus tograí na Measúnachtaí Iompair Limistéarbhunaithe ailínithe lena chéile. Seoladh roinnt cruinnithe cheana féin leis na foirne tionscadail atá ag obair ar na Measúnachtaí Iompair Limistéarbhunaithe sin chun a chinntiú nach mbeadh aon mhí-ailíniú ann idir na rotharbhealaí difriúla atá beartaithe.

Cruinnithe seachtainiúla le foireann Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta Bhoneagar Iompair Éireann

Rannchuidigh AECOM le forbairt Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta Bhoneagar Iompair Éireann agus le forbairt ghréasán rothaíochta CycleConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair araon. Chun a chinntiú go mbeadh Gréasán Rothaíochta Náisiúnta Bhoneagar Iompair Éireann agus gréasán rothaíochta CycleConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair ailínithe lena chéile, seoladh cruinnithe seachtainiúla idir an dá fhoireann. D'fhág sé sin go rabhthas in ann faisnéis a chomhroinnt idir an dá fhoireann agus forbairt an dá phlean gréasáin a athbhreithniú ar bhonn tráthrialta.

5. Na Gréasáin Rothaíochta Chontae atá Beartaithe

Is é atá sa tionscadal seo ná plean gréasáin amháin a chuimsíonn 22 ghréasán. Ag teacht sna sála ar bhailiú cuimsitheach sonraí agus ar an teagmháil le comhairlí contae, d'fhorbair Oifig Deartha Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair pleananna gréasáin rothaíochta CycleConnects. Forbraíodh an gréasán trí fhéachaint ar gach contae agus trína chinntiú go mbeadh an oiread lonnaíochtaí agus ab fhéidir nasctha lena chéile. De bhreis air sin, bhí sé tábhachtach a chinntiú go mbeadh nascacht idirchontae ann trí naisc idiruirbeacha a éascú ar fud na dteorainneacha contae.

Cuimsíonn pleananna gréasáin rothaíochta CycleConnects atá beartaithe 22 léarscáil chontae agus 57 léarscáil uirbeacha. Forbraíodh na léarscáileanna uirbeacha sin le haghaidh bailte ar mó a ndaonra ná 5,000 duine (Sonraí Dhaonáireamh 2016). Cuireadh é sin san áireamh toisc go mbeadh daonra sách mór ann chun gréasán níos dlúithe a éascú. Tá na léarscáileanna uirbeacha comhdhéanta de bhealaí príomhúla agus de bhealaí tánaisteacha. Is naisc chuig na príomh-mhealltóirí turais iad na bealaí príomhúla agus b'fhéarr go soláthródh siad ardleibhéal seirbhíse. Forlíonfaidh bealaí tánaisteacha na bealaí sin agus freastalóidh siad ar limistéir chónaithe agus ar limistéir fostaíochta. Leagtar amach i dTábla 5.1 thíos liosta iomlán de na Gréasáin Rothaíochta Chontae agus Uirbeacha a forbraíodh mar chuid de Phlean foriomlán CycleConnects.

Tábla 5.1: Gréasáin Rothaíochta Chontae: Liosta na nGréasán Uirbeach

Gréasán Rothaíochta CycleConnects: Liosta na nGréasán Rothaíochta Uirbeach							
Uimh.	Contae	Limistéar Uirbeach	Uimh.	Uimh.	Contae	Limistéar Uirbeach	Uimh.
1	Contae Lú	Droichead Átha	1	17	Contae an Chláir	Inis	32
		Dún Dealgan	2			Sionainn	33
2	Contae Mhuineacháin	Muineachán	3	18	Contae Luimnigh	Luimneach	34
		Carraig Mhachaire	4			An Caisleán Nua	35
3	Contae an Chabháin	An Cabhán	5	19	Contae Chiarraí	Cill Airne	36
4	Contae an Longfoirt	An Longfort	6			Trá Lí	37
5	Contae na hIarmhí	An Muileann gCearr	7	20	Contae Chorcaí	Cathair Chorcaí	38
		Baile Átha Luain	8			Baile an Chollaigh	39
6	Contae Uíbh Fhailí	Tulach Mhór	9	21	Contae Thiobraid Árann	Carraig Uí Leighin	40
		Biorra-Crionchoill	10			An Cóbh	41
		Éadan Doire	11			Mainistir na Corann	42
7	Contae Laoise	Cúil an tSúdaire	12	22	Contae Phort Láirge	Mala	43
		Port Laoise	13			Eochail	44
8	Contae Chill Chainnigh	Cill Chainnigh	14	21	Contae Thiobraid Árann	Droichead na Bandan	45
9	Contae Cheatharlach	Ceatharlach	15			Cluain Meala	50
10	Contae Loch Garman	Loch Garman	16	21	Contae Thiobraid Árann	Mainistir Fhear Maí	46
		Inis Córthaidh	17			An Pasáiste	47
		Guaire	18			Cionn tSáile	48
		Ros Mhic Thriúin	19			Carraig Thuathail	49
11	Contae Dhún na nGall	Leitir Ceanainn	20	21	Contae Thiobraid Árann	Carraig na Siúire	53
		Bun Cranncha	21			Ros Cré	54
12	Contae Liatroma	Cora Droma Rúisc	22	22	Contae Phort Láirge	Port Láirge	55
13	Contae Shligigh	Sligeach	23			Trá Mhór	56
14	Contae Mhaigh Eo	Caisleán an Bharraigh	24			Dún Garbhán	57
		Béal an Átha	25				
15	Contae na Gaillimhe	Cathair na Mart	26				
		Ros Comáin	27				
		Gaillimh	28				
		Tuaim	29				
		Baile Locha Riach	30				
		Béal Átha na Sluaighe	31				

Idirghníomhaíocht le Gréasán Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus le Gréasán Thuaisceart Éireann

In áiteanna ina bhfuil contaetha cóngaracha ag comhroinnt teorann le Gréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath nó le Gréasán Rothaíochta Thuaisceart Éireann, tá sé mar aidhm leis na bealaí atá beartaithe ceangal agus nascadh go díreach le bealaí atá pleanáilte nó atá ann cheana i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath nó i dThuaisceart Éireann.

Idirghníomhaíocht le Gréasán Rothaíochta Náisiúnta Bhonneagar Iompair Éireann

Tagraíodh do Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta Bhonneagar Iompair Éireann nuair a bhí an gréasán á fhorbairt, agus na conairí deiridh á léarscáiliú thar na bealaí idiruirbeacha éagsúla atá beartaithe i ngach contae. Chinntigh sé sin nach mbeadh aon bhealach idiruirbeach comhthreomhar lonnaithe in aice le haon Chonair atá beartaithe sa Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta. D'fhágfadh sé sin go mbeifí in ann aon bhonneagar rothaíochta amach anseo a chomhchruinniú ar aon chonair bealaigh amháin, seachas ar dhá chonair chomhthreomhara. Chabhraigh sé sin freisin le hordlathas bealaí a fhorbairt i ngach contae, rud atá leagtha amach thíos:

- **An Gréasán Rothaíochta Príomhúil:** Bealaí príomhúla uirbeacha i gcomhcheangal leis an bpríomhnasc idiruirbeach/glasbhealaigh idir gach baile ina gcónaíonn níos mó ná 5,000 duine.
- **An Gréasán Rothaíochta Tánaisteach:** Bealaí tánaisteacha uirbeacha i gcomhcheangal leis an bpríomhbhealach idiruirbeach/glasbhealaigh idir gach baile ina gcónaíonn idir 1000 duine agus 4,999 nduine.
- **An Gréasán Rothaíochta Treasach:** Aon bhealaí idiruirbeacha nó glasbhealaigh eile a nascann aon sráidbhailte eile nó aon chinn scríbe eile do thurasóirí. Is féidir go n-áireofar leo sin bealaí idiruirbeacha atá léarscáilithe feadh bhealaí éagsúla EuroVelo i gcontaetha áirithe.

Glasbhealaí agus Gormbhealaí

Cuireadh glasbhealaí atá pleanáilte agus atá ann cheana ar áireamh sa ghréasán freisin. Cuireadh gormbhealaí ar áireamh sa ghréasán glasbhealaí freisin chun go mbeadh sé níos simplí rotharbhealaí a chur i láthair ar na léarscáileanna contae. Is ionann gormbhealaí agus rotharbhealaí easbhóthair. I bhformhór na gcásanna, ritheann siad i gcomhthreo le haibhneacha, le lochanna agus le sruthanna. Baineadh úsáid astu mar chuid de na gréasáin rothaíochta nuair ab fhéidir chun rotharbhealaí sábháilte a sholáthar agus chun a chinntiú nach mbeadh an gréasán rothaíochta ródhlúth. Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Iompair liosta de na glasbhealaí atá curtha i gcrích, atá ar siúl agus atá beartaithe, agus cuireadh an liosta sin ar áireamh in CycleConnects. I gcás go bhfuil glasbhealach ar leith ag luathchéim pleanála nó indéantachta, tá sé sin luaite ar an léarscáil ábhartha de ghréasán rothaíochta CycleConnects.

Cathracha Ceannchathartha

Sna gréasáin rothaíochta a forbraíodh do limistéir cheannchathartha Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge agus na Gaillimhe, tá tagairt dhíreach déanta don Straitéis Iompair Limistéir Cheannchathartha is déanaí foilsíú. Rinneadh aon athruithe breise ar na gréasáin sin a phlé ag ceardlanna leis na Comhairlí Contae lena mbaineann agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Áiríodh leo sin na naisc rothaíochta bhreise atá beartaithe i bPleananna nuashonraithe Forbartha Cathrach agus a cuireadh ar áireamh i bPleananna ábhartha CycleConnects.



Fíor 5.1: Forbhreathnú ar láithreacha na ngréasán uirbeach (© Google 2022)

Measúnachtaí Timpeallachta

De réir na gceanglas rialála agus an dea-chleachtais, tá measúnachtaí timpeallachta agus sóisialta á ndéanamh i gcomhthráth le plananna gréasáin rothaíochta CycleConnects a fhorbairt. Tá na measúnachtaí sin comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí féideartha timpeallachta de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe), 2003, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) (Leasú), 2011 (dá ngairtear na 'Rialacháin um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta').
- Measúnacht Chúil chun a shuí an bhféadfadh nó nach bhféadfadh na tograí éifeacht dhochrach shuntasach a bheith acu ar Láithreán Eorpach, bíodh sé sin go leithleach nó i gcomhcheangal le plananna nó tionscadail eile, de réir na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011.

- Measúnacht Tionchair Comhionannais chun breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag tograí ar dhaoine nó grúpaí daoine ag a bhfuil saintréithe a chosnaítear faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 go 2018, agus faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus chun grúpaí soghonta eile laistigh den tsochaí a chur san áireamh, amhail iad sin atá ar ioncam íseal. Déantar é sin ar aon dul le dea-chleachtas an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Cumhdófar sna measúnachtaí sin na gréasáin rothaíochta atá beartaithe don 22 chontae agus beidh sé mar aidhm leo:

- A shainaitheint cé na tograí a bhféadfadh go mbeadh éifeachtaí suntasacha timpeallachta acu, bíodh sé sin go díreach nó go hindíreach, ionas go bhféadfaí leasuithe a bhreithniú.
- A shainaitheint cén fhéidearthacht atá ann le haghaidh tuilleadh tairbhí nó deiseanna a chruthú i ndáil leis an timpeallacht a bhreisiú nó le rochtain agus cuimsiú a fheabhsú.
- A shainaitheint cé na bearta maolaithe agus bainistíochta lena dtacófar leis na tograí maidir le cuspóirí timpeallachta agus sóisialta a chomhlíonadh.

Tabharfar aghaidh sna measúnachtaí ar na dréachtghréasáin rothaíochta, mar a bheidh curtha i láthair sa phróiseas comhairliúcháin i mí Mheán Fómhair 2022, agus cuirfear san áireamh iontu na leasuithe a dhéanfar tar éis an chomhairliúcháin phoiblí tosaigh a sheolfaidh i bhfómhar na bliana 2022. Soláthrófar na tuarascálacha measúnachta le haghaidh comhairliúcháin poiblí reachtúil i gcomhthráth le foilsiú an dréacht-Phlean Gréasáin Rothaíochta Contae i Ráithe 1 den bhliain 2023.


Pleananna Áitiúla Iompair

Ag obair dó i gcomhar le Bonneagar Iompair Éireann, d'fhorbair an tÚdarás nóta faisnéise a bhfuil modheolaíocht leagtha amach ann ar conas measúnú a dhéanamh ar na deiseanna agus na srianta i dtaca le hiompar inbhuanaithe laistigh de limistéar ar leith. Dearadh an mhodheolaíocht sin, arb í modheolaíocht na Measúnachta Iompair Limistéarbhunaithe í, mar phríomh-ionchur le haghaidh Pleananna Áitiúla Iompair (dá bhforáiltear sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach). Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag cabhrú le hÚdaráis Áitiúla Pleananna Áitiúla Iompair atá bunaithe ar an modheolaíocht sin a fhorbairt mar chuid den phróiseas reachtúil um pleananna a dhéanamh.

Cé gur cruthaíodh na gréasáin rothaíochta atá leagtha amach sa phlean seo chun socruithe reatha iompair a léiriú, is féidir go ndéanfar athruithe orthu bunaithe ar anailís níos mine agus ar mholtaí a fhorbrófar mar chuid den phróiseas um Pleananna Áitiúla Iompair.

6. Na Chéad Chéimeanna Eile

A luaithe a forbraíodh iad, cuireadh ar fáil iad le hamharc orthu ar líne i dTairseach Comhairliúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair. A luaithe a bheidh na tuairimí uile faighte faoi mhí na Samhna 2022, tabharfar na pleananna sin chun críche i gcomhar le gach contae agus bainfear úsáid astu ansin chun bonn eolais a chur faoi na huasghráduithe taistil ghníomhaigh agus bonneagair a dtabharfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla fúthu. Achoimrítear i bhFíor 6.1 thíos an próiseas a úsáideadh chun gréasáin rothaíochta CycleConnects a fhorbairt.



Fíor 6.1: Na Chéad Chéimeanna Eile le haghaidh CycleConnects a Fhorbairt